Díolachán Alcóil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhíolachán alcóil sa tír agus faoi dhúnadh tithe tábhairne. Féach ar an tuairisc uair amháin agus pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat ceangal na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

1. figures	(a) ollmhargaí
2. Income Commissioners	(b) figiúirí
3. despite	(c) siopaí eischeadúnais
4. it is proposed	(d) Coimisinéirí Ioncaim
5. legislation	(e) reachtaíocht
6. supermarkets	(f) díolachán
7. off-licences	(g) ag dul i méid
8. increasing	(h) smacht
9. reason	(i) in ainneoin
10. sales	(j) cúis
11. control	(k) tá sé beartaithe

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
b										

Ceist 3 Féach ar an tuairisc don dara huair. An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach?

1. Léiríonn na figiúirí go bhfuil níos mó áiteanna anois ann gur féidir alcól a cheannach. **Fíor/Bréagach**

2. Dhún trí chéad teach tábhairne le dhá bhliain anuas. **Fíor/Bréagach**

3. Deir Alasdar Mac Gearailt gurb iad na Gardaí is cúis le dúnadh na dtithe tábhairne. **Fíor/Bréagach**

4. Ba mhaith leis an Roinn Dlí agus Cirt srian a chur ar dhíolachán dí sna siopaí beaga. **Fíor/Bréagach**

Ceist 4 (a) Scríobh i bhfocail líon na dtithe tábhairne a dúnadh sna háiteanna seo a leanas:

Cúige Laighean: _____
An Ceantar Thiar Theas: _____
Maigh Eo: _____
Gaillimh/Tiobraid Árann: _____

(b) Cad iad na rialacha a bhaineann le rudaí a chomhaireamh arís? Bain úsáid as an ainmfhocal 'teach' leis na rialacha a léiriú.

Ceist 5 '*le halcól* a cheannach'

(a) Cén fáth a bhfuil 'h' idir **le** agus **alcól** thuas?
(b) An féidir leat féin agus an duine in aice leat smaoineamh ar amanna eile a bhíonn an 'h' seo roimh guta?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An ólann muintir na hÉireann an iomarca, cén fáth?
Cén éifeacht a bheidh ag dúnadh na dtithe tábhairne faoin tuath ar phobal na tuaithe?
Ar cheart gan cead a thabhairt do dhaoine óga alcól a cheannach go dtí go sroicheann siad bliain agus fiche?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
b	***d***	***i***	***k***	***e***	***a***	***c***	***g***	***j***	***f***	***h***

Ceist 3
Fíor
Bréagach
Bréagach
Fíor

Ceist 4
Cúige Laighean: *céad is cúig déag*
An ceantar Thiar Theas: *céad is seachtó dó*
Maigh Eo: *céad is a seacht*
Gaillimh/Tiobraid Árann: *leathchéad/caoga*

Is féidir bosca mar seo a tharraing ar an chlár dubh leis na rialacha a bhaineann le comhaireamh ainmfhocal a léiriú:

1	2	3-6	7-10	20, 30, 40 -100
teach amháin	dhá theach	trí theach	seacht dteach	céad teach

Ceist 5
Mínigh do na foghlaimeoirí nach ‘séimhiú’ é an ‘h’ seo. Úsáidtear séimhiú le consan a dhéanamh níos séimhe. Sa chás seo áfach tá an ‘h’ ann idir dhá ghuta. Nuair a thagann dhá ghuta le chéile mar sin, ag deireadh focail amháin agus ag tús focail eile, cuirtear an ‘h’ seo ann le cuidiú le rithim na teanga.

Samplaí:
- le halcól
- le hÁine (idir an réamhfhocal simplí **le** agus focal a thosaíonn le guta)
- go hÉirinn (idir an réamhfhocal simplí **go** agus focal a thosaíonn le guta)
- ó áit go háit
- na háiseanna (idir an t-alt agus ainmfhocal san uimhir iolra)
- chomh holc (idir an réamhfhocal simplí **chomh** agus focal a thosaíonn le guta)

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Léiríonn figiúirí nua a d'fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim gur mó áiteanna atá anois ann ná mar a bhí riamh le halcól a cheannach. Sin in ainneoin gur dhún sé chéad teach tábhairne ar fud na tíre le dhá bhliain anuas. Tá sé beartaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt reachtaíocht nua a fhoilsiú go luath le dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Tá an scéal ag Sorcha Ní Riada.

Sorcha Ní Riada
Glactar leis *An Merchant* i mBaile Átha Cliath mar theach ceoil ach mar sin féin ní chuireann sé aon ionadh orthu sin go bhfuil tithe tábhairne á ndúnadh ar fud na tíre. Creideann siad sin gurb iad na hollmhargaí agus na siopaí eischeadúnais is cúis leis.

Alasdar Mac Gearailt, O'Shea's Merchant
Is féidir leis na 'Multi-Nationals' móra sin, is féidir leo deochanna a dhíol i bhfad Éireann níos saoire ná na tithe tábhairne traidisiúnta, mar a déarfá, mar tá cuid acu ag díol faoi chostas éigin. Is féidir leo é sin a dhéanamh.

Sorcha Ní Riada
Dúnadh breis is sé chéad tigh tábhairne le cúpla bliain anuas. Beagnach trí chéad thart faoin dteorainn, i lár tíre agus san Iarthar. Céad is a cúig déag i gCúige Laighean agus céad is seachtó dó sa cheantar thiar theas. Bhí Maigh Eo buailte go dona le céad is a seacht tigh tábhairne dúnta ansin agus Gaillimh agus Tiobraid Árann go holc leis le breis is leath chéad dúnta sa dá áit sin. Ag an am gcéanna, tá líon na gceadúnas atá á dtabhairt do shiopaí eischeadúnais ag dul i méid. Bronnadh trí chéad is fiche ceadúnas breise orthu sin anuraidh. Ar a laghad áfach, tá smacht ar dhíolachán dí iontu san. Tá sé beartaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt reachtaíocht nua a fhoilsiú faoi cheann cúpla seachtain, féachaint le srian a chur ar dhíolachán dí i siopaí beaga, in ollmhargaí agus i ngaráistí.